



Cinneadh Uimh. 15-2020 lena leagtar síos rialacha maidir le hoiliúnaithe a fhostú i gCúirt Iniúcháirí na hEorpa

ARD-RÚNAÍ GNÍOMHACH CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA HEORPA

- AG FÉACHAINT DO Forálacha Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh 541/2014/AE, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012;
- AG FÉACHAINT DO Rialacha Nós Imeachta agus Cinneadh Uimh. 38-2016 na Cúirte an 2 Meitheamh 2016 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun na Rialacha sin a chur chun feidhme, arna leasú go deireanach ag an gCúirt ag a cruinnithe an 14 Meán Fómhair 2017 agus an 13 Nollaig 2018;
- AG FÉACHAINT DO Cinneadh Uimh. 2-2019 arna ghlacadh ag an gCúirt ag a cruinniú an 24 Eanáir 2019 lena leagtar síos na rialacha inmheánacha maidir leis an mbuiséad a chur chun feidhme;
- AG FÉACHAINT DO Cinneadh Uimh. 29-2015 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa an 4 Meán Fómhair 2015 a bhaineann le feidhmiú na gcumhachtaí a thugtar don údarás ceapacháin le Rialacháin Foirne na nOifigeach agus don údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích le Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile;
- AG FÉACHAINT DO na rialacha maidir le hoiliúnaithe a fhostú i gCúirt Iniúcháirí na hEorpa arna nglacadh an 22 Meitheamh 2015 agus Leasú 1 díobh an 5 Deireadh Fómhair 2017;
- DE BHRÍ go n-éilítear leis na rialacha reatha roinnt leasuithe suntasacha d'fhonn ról agus freagrachtaí oiliúnaithe, maoirseoirí intéirneachtaí, comhordaitheoirí intéirneachtaí, Acmhainní Daonna a leathnú agus a shoiléiriú, agus d'fhonn cearta agus oibleagáidí na n-oiliúnaithe a shoiléiriú;

TAR ÉIS CINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1 Cuspóir

- 1.1. Eagraíonn Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE) intéirneachtaí i réimsí a bhaineann lena cuid oibre d'fhonn forbheathnú a thabhairt do pháirtithe leasmhara, ar daoine iad a roghnaítear ar an mbonn geografach is leithne agus is féidir, ar phróiseas lánpháirtithe na hEorpa trí eispéireas laethúil ar an gcaoi a n-oibríonn institiúid Eorpach.
- 1.2. Ní thugtar aon cheart nó tosaíocht maidir le hearcaíocht ag an CIE le glacadh le haghaidh intéirneachta.

Airteagal 2 Cáilitheacht

- 2.1 Le bheith incháilithe le haghaidh intéirneachta, ní mór d'iarratasóirí:
 - a bheith ina náisiúnaigh de Bhallstát AE, seachas sa chás go ndeonaíonn an CIE díolúine;
 - céim aitheanta ar leibhéal ollscoile a bheith acu lena dtugtar rochtain ar an bhfeidhmghrúpa AD, mar a shainmhínítear i Rialacháin Foirne Oifigh an Aontais Eorpaigh (AE), nó ceithre sheimeastar ar a laghad de staidéar ollscoile curtha i gcrích acu i réimse spéise don CIE i bhforas ardoideachais mar a thuairiscítear in Airteagal 18;
 - spéis a bheith léirithe acu in oiliúint phraiticiúil a fháil a bhaineann le ceann de réimsí gníomhaíochta an CIE;
 - gan intéirneacht a bheith déanta acu roimhe seo (íoctha nó neamhíoctha) ag institiúid nó comhlacht AE, lena n-áirítear an Banc Eorpach Infheistíochta nó an Banc Ceannais Eorpach;
 - eolas críochnúil a bheith acu ar theanga oifigiúil AE amháin agus eolas sásúil a bheith acu ar theanga oifigiúil AE eile;
 - gan a bheith fostaithe roimhe nó tráth a n-iarratais ag institiúid nó comhlacht AE, lena n-áirítear mar bhall den fhoireann sealadach, ball den fhoireann ar conradh, ball cúnata den fhoireann ar conradh, ball sealadach den fhoireann ar conradh, saineolaí náisiúnta ar iasacht chuig institiúid nó comhlacht AE, nó cúntóir do Chomhalta d'Fheisire Pharlaimint na hEorpa.
- 2.2 Sa chás go roghnófar iad, ní mór d'iarratasóirí an méid a leanas a chur ar fáil freisin:
 - sliocht a baineadh le déanaí as a dtaifid choiriúla mar atá leagtha síos ag údaráis a dtíre chun rochtain ar an státseirbhís a cheadú; agus
 - teastas dochtúra lena gcruthaítear go bhfuil siad corpacmhainneach chun a ndualgais a chomhlíonadh.
- 2.3 Ní cheanglaítear ar iarratasóirí faoi mhíchumas an teastas deireanach sin a chur ar fáil; ina ionad sin beidh teastas acu óna ndochtúir teaghlaigh lena ndeimhnítear go bhfuil siad in ann feidhmiú san ionad oibre má dhéantar socrúithe iomchuí ann.

Airteagal 3 Fad na n-intéirneachtaí

- 3.1 Amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2020, reáchtálfar intéirneachtaí mar a leanas:

- ón 1 Márta go dtí an 30 Iúil den bhliain reatha;
 - ón 1 Bealtaine go dtí an 30 Meán Fómhair den bhliain reatha;
 - ón 1 Deireadh Fómhair den bhliain reatha go dtí an 28 (29) Feabhra den bhliain dar gcionn.
- 3.2 Le linn na dtrí sheisiún seo, féadfaidh intéirneachtaí a mhaireachtáil idir trí agus cúig mhí.
- 3.3 In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an CIE an rialail seo a tharscaoileadh chun mí breise a cheadú, faoi réir infhaighteacht bhuiséadach.
- 3.4 Níl cead ag aon duine níos mó ná intéirneacht amháin a dhéanamh ag an CIE, beag beann ar fhad an chúrsa.

Airteagal 4 Roghnúchán

- 4.1 Cinnfidh an roinn Acmhainní Daonna (AD), ag brath ar na riachtanais a chuireann ranna éagsúla an CIE in iúl agus ar infhaighteacht bhuiséadach, líon na n-intéirneachtaí a leithdháiltear ar gach roinn. Ina dhiaidh sin, cuirfidh sí an líon seo in iúl do gach roinn iarrthach.
- 4.2 Ní féidir iarratais a chur isteach ach ar líne amháin de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos ag an roinn AD agus atá foilsithe ar láithreán gréasáin an CIE.
- 4.3 Tá gach roinn freagrach as iarratais a roghnú, agus na rialacha reatha á gcur san áireamh go cuí. Sa roghnú, cuirfear tuillteanais agus leasanna na seirbhíse san áireamh.
- 4.4 Tá sé mar aidhm leis an nós imeachta roghnúcháin aon chineál idirdhealaithe a sheachaint, agus a áirithiú go ndéantar gach iarratas a láimhseáil agus a phróiseáil go cothrom. Sa chás go bhfuil na cáilíochtaí agus na scileanna céanna ag na hiarratasóirí a chuirtear ar an ngearrliosta, ní mór iad a roghnú sa chaoi is go gcinnteofar cothromaíocht gheografach agus inscne, sa mhéid is féidir.
- 4.5 Tráth nach déanaí ná mí sula gcuirfear tús leis an intéirneacht, cuirfidh HR na hiarratasóirí ar éirigh leo ar an eolas trí r-phost amháin, faoi réir gur chuir siad na doiciméid tacaíochta riachtanacha ar fáil.
- 4.6 Ní mór d'iarratasóirí na doiciméid tacaíochta riachtanacha go léir a chur isteach faoin spriocdháta atá leagtha síos ag an roinn AD. Mura gcomhlíonfar an spriocdháta, diúltófar a n-iarratas.
- 4.7 Ní chuirfear iarratasóirí nár éirigh leo ar an eolas maidir le toradh a n-iarratais, nó maidir leis na cúiseanna nár roghnaíodh iad.
- 4.8 Síneadh an CIE agus an t-oiliúnaí conradh intéirneachta sula gcuirfear tús leis an intéirneacht. Beidh gá le leasú ar an gconradh chun aon síneadh a chur leis an intéirneacht, mar a shamhlaítear in Airteagal 4 de na rialacha seo.
- 4.9 Féadfaidh iarratasóirí ar éirigh leo a n-iarratas a tharraingt siar tráth ar bith sula síneofar an conradh. Féadfaidh siad iarratas nua a chur isteach ar sheisiún intéirneachta ina dhiaidh sin, faoi na coinníollacha céanna leo siúd atá leagtha amach thuas.

- 4.10 Mar sin féin, na hiarratasóirí sin a aistarraingíonn níos lú ná dhá sheachtain sula gcuirfí tús leis an intéirneacht, ní bheidh siad in ann iarratas a dhéanamh ar intéirneacht ag an CIE sa tréimhse dhá bhliain ina dhiaidh sin. Féadfaidh an CIE aontú an riail seo a tharscaoileadh i gcásanna a bhfuil bunús cuí de force majeure ag baint leo.

Airteagal 5 Scileanna

- 5.1 Ainmneoidh gach roinn CIE ‘comhordaitheoir intéirneachta’ chun roghnú na n-oiliúnaithe a chomhordú i gcáil riaracháin agus chun a n-intéirneacht a bhainistiú laistigh den roinn.
- 5.2 Go sonrach, déanfaidh an comhordaitheoir intéirneachta an méid a leanas:
- riachtanais intéirneachta a roinne a aithint do bhliain bhuiséid ar leith;
 - breathnú ar bhunachar sonraí na n-iarratasóirí a chuir iarratas isteach ar intéirneacht do gach seisiún intéirneachta CIE;
 - iarratais a bhailiú dá roinn;
 - na hiarratais a roghnaíodh a sheoladh chuig an roinn AD;
 - monatóireacht a dhéanamh ar úsáid buiséid na roinne, i gcomhar leis an roinn AD;
 - bheith freagrach as cumarsáid agus bainistiú a dhéanamh ar gach cineál gníomhaíochta agus/nó imeachtaí a eagraíonn an roinn AD agus/nó a roinn d’oiliúnaithe;
 - aon eachtra shuntasach a tharlaíonn le linn na hintéirneachta a bhainistiú i gcomhar leis na ranna ábhartha, agus cabhrú le hoiliúnaithe ina roinn chun aon fhadhbanna suntasacha a réiteach.
- 5.3 Is oifigeach de chuid an CIE nó seirbhíseach eile é ‘an maoirseoir intéirneachta’ a oibríonn sa roinn ar sannadh an t-oiliúnaí dó, agus déanfaidh an duine sin an méid a leanas:
- an t-oiliúnaí a threorú agus maoirseacht dhlúth a dhéanamh air/uirthe le linn na hintéirneachta;
 - tascanna a shannadh don oiliúnaí, agus maoirseacht a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht agus ar a gcomhtháthú sa roinn;
 - an comhordaitheoir intéirneachta a chur ar an eolas maidir le haon eachtra shuntasach le linn na hintéirneachta;
 - litir mholta a dhréachtú don oiliúnaí, nuair is gá.

Airteagal 6 Oibleagáidí ginearálta

- 6.1 Ní mór d’oiliúnaithe an discríd is mó a chur i bhfeidhm maidir le fíricí agus faisnéis a thagann ar a n-eolas le linn na hintéirneachta. Tá siad faoi cheangal ag na rialacha rúndachta agus cosanta sonraí pearsanta céanna agus atá ag foireann an CIE.
- 6.2 Ní mór dóibh cloí leis na treoracha a thugann an maoirseoir intéirneachta agus/nó an duine atá freagrach as an roinn inar sannadh iad.
- 6.3 Tráth ar bith le linn na hintéirneachta agus ar mhaithe le leas na seirbhíse, féadfar oiliúnaithe a chur ar fáil d’aonad eile sa roinn inar sannadh iad, nó i roinn eile.

- 6.4 Ní mór d'oiliúnaithe cloí le treoirlínte eiticiúla an CIE. Ní mór dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh le hionracas, le cúirtéis agus le meas. Tá siad faoi réir, go háirithe, Chinneadh Uimh. 26-2017 maidir leis an mbeartas chun timpeallacht oibre shásúil a chothabháil agus ciapadh síceolaíoch agus gnéasach a chomhrac.
- 6.5 Le linn na hintéirneachta, ní mór d'oiliúnaithe dul i gcomhairle leis an maoirseoir intéirneachta nó, sa chás go mbíonn an duine sin as láthair, leis an gcomhordaitheoir intéirneachta maidir le haon tionscnamh a bheartaíonn siad a dhéanamh a bhaineann lena gcuid oibre nó le hobair an CIE.
- 6.6 Níl cead ag oiliúnaithe déileáil le hábhair a bhféadfadh leas pearsanta a bheith acu iontu, cé acu go díreach nó go hindíreach. Níl cead acu gealltanais ghairmiúla a dhéanamh le tríú páirtithe a bheadh neamh-chomhoiriúnach lena n-intéirneacht ag an CIE, nó fostaíocht íoctha a bheith acu le linn na hintéirneachta.
- 6.7 Ní mór d'oiliúnaithe a mbíonn coinbhleacht leasa acu, nó atá i mbaol coinbhleachta leasa, mar a thuairiscítear sa mhír roimhe seo, fógra i scríbhinn a thabhairt don mhaoirseoir intéirneachta agus don gcomhordaitheoir intéirneachta.
- 6.8 Ní mór d'oiliúnaithe cloí leis na rialacha céanna le pearsanra seanbhunaithe an CIE agus iad ag plé leis na meáin. Ní mór dóibh cloí leis na teoracha a thugtar dóibh ina leith seo, fiú tar éis na hintéirneachta.
- 6.9 Níl cead ag oiliúnaithe, i gcáil phearsanta nó i gcomhar le tríú páirtithe, faisnéis faoi obair an CIE a fhoilsiú, nó a bheith foilsithe ag daoine eile, trí mheán ar bith, gan údarú roimh ré a fháil ó na ranna CIE lena mbaineann. Leanfar le feidhm na hoibleagáide seo nuair a bheidh an intéirneacht críochnaithe.
- 6.10 Gheobhaidh an CIE úinéireacht neamh-inchúlghairthe ar fud an domhain ar thorthaí, agus ar gach ceart maoine intleachtúla nó tionsclaíocha, maidir leis an obair a dhéanann oiliúnaithe le linn na hintéirneachta, lena n-áirítear aon chearta a bhaineann le cóipcheart, atáirgeadh, cumarsáid leis an bpobal, agus dáileadh.
- 6.11 Déanfar oiliúnaithe a fhostú go lánaimseartha. Is iad a gcuid uaireanta oibre uaireanta oibre an CIE. Ní thabharfaidh ragobair aon cheart ar chúiteamh nó ar luach saothair breise, nó ar mhéadú ar an deontas míosúil.

Airteagal 7 Foirceannadh agus deireadh intéirneachtaí

- 7.1 Tiocfaidh deireadh le hintéirneacht nuair a rachaidh an tréimhse lena bronndadh iad in éag.
- 7.2 Mar sin féin, féadfaidh an CIE intéirneachtaí a fhoirceannadh go luath:

- Ceachtar acu mar fhreagra ar iarratas i scríbhinn ón oiliúnaí ag tabhairt fógra trí seachtaine ar a laghad.

Ní mór an t-iarratas a chur faoi bhráid an mhaoirseora intéirneachta, a chuirfidh comhordaitheoir intéirneachta na roinne ar an eolas gan mhoill. Cuireann an comhordaitheoir intéirneachta an roinn AD ar an eolas, cúig lá oibre ar a laghad roimh an dáta foirceanta a iarradh.

Ina dhiaidh sin, eisiúnn an roinn AD cinneadh lena ndeimhnítear foirceannadh na hintéirneachta agus, ar shíniú é, cuirtear é láithreach chuig an duine lena mbaineann agus chuig na ranna ábhartha eile.

Ní mór d'oiliúnaithe aon chuid den deontas a fuair siad don tréimhse nár oibrigh siad a aisíoc. Féadfaidh siad an CIE a fhágáil i lár na míosa nó ag deireadh na míosa.

- Nó mar fhreagra ar thuairim réasúnaithe ón duine atá freagrach as an roinn inar sannadh an t-oiliúnaí má theipeann ar an oiliúnaí a gcuid oibleagáidí faoi na rialacha seo a chomhlíonadh go dáiríre.

Seolfaidh comhordaitheoir intéirneachta na roinne lena mbaineann an tuairim seo chuig an roinn AD gan mhoill.

Tar éis agallamh a chur ar an oiliúnaí, eiseoidh an roinn AD cinneadh lena ndeimhnítear go gcuirfear deireadh leis an intéirneacht, agus, ar shíniú é, cuirtear é láithreach chuig an duine lena mbaineann agus chuig na ranna ábhartha eile.

Ní mór d'oiliúnaithe aon chuid den deontas a fuair siad don tréimhse nár oibrigh siad a aisíoc. Féadfaidh siad an CIE a fhágáil i lár na míosa nó ag deireadh na míosa.

- Nó i gcásanna force majeure, amhail géarchéim shláinte, cogadh, nó tubaiste nádúrtha/eile, nó mar thoradh ar athruithe struchtúracha suntasacha ag an CIE nó ar aon teagmhas eile a fhreagraíonn don sainmhíniú dlíthiúil ar force majeure.

Ina dhiaidh sin, eisíonn an roinn AD cinneadh lena ndeimhnítear foirceannadh na hintéirneachta agus, ar shíniú é, cuirtear é láithreach chuig an duine lena mbaineann agus chuig na ranna ábhartha eile.

Ní cheanglaítear ar oiliúnaithe aon chuid den deontas a fuair siad don tréimhse nár oibrigh siad a aisíoc. Féadfaidh siad an CIE a fhágáil ar fháil fógra dóibh faoin gcinneadh deireadh a chur lena n-intéirneacht.

- 7.3 Sa chás go gcuireann an CIE deireadh le hintéirneacht, ní cheanglaítear uirthi fógra a thabhairt, agus ní bheidh aon teidlíocht ar chúiteamh ag an oiliúnaí.
- 7.4 Féadfaidh an CIE a chinneadh rochtain a dhiúltú d'oiliúnaí ar a foirgnimh agus ar a córais TF.
- 7.5 Ina theannta sin, i gcás mí-iompair thromchúiseach ag oiliúnaí, forchoimeádan an CIE an ceart imeachtaí dlí a sheoladh ina gcoinne.

Airteagal 8 Díolaíochtaí

- 8.1 Gheobhaidh na hoiliúnaithe deontas míosúil EUR 1 350.00.
- 8.2 Féadfaidh oiliúnaithe faoi mhíchumas cáiliú le haghaidh deontas míosúil EUR 1 850.00, ag brath ar na doiciméid tacaíochta iomchuí a chur ar fáil.
- 8.3 Féadfaidh an CIE intéirneachtaí neamhíochta a údarú. Bheadh na hintéirneachtaí sin faoi réir na rialacha a leagtar amach sna forálacha seo.

Airteagal 9 Socruithe cánach

- 9.1 Níl deontais oiliúna faoi réir na socruithe cánach speisialta a bhaineann le hoifigigh agus seirbhísigh AE eile. Is iad na hoiliúnaithe amháin a fhaigheann deontas atá freagrach as a áirithiú go gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí cánach náisiúnta.

Airteagal 10 Árachas sláinte agus timpiste

- 10.1 Ní mór árachas sláinte agus timpiste a bheith ag oiliúnaithe.

- 10.2 Murar féidir le hoiliúnaithe soláthar a dhéanamh dá n-árachas sláinte féin, tairgfidh an CIE árachas dóibh. Sa chás seo, ní mór d'oiliúnaithe an tríú cuid den phréimh árachais a íoc.
- 10.3 Mura gclúdaíonn an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte arna eisiúint ag údarais náisiúnta nó ag cuideachtaí árachais an intéirneacht iomlán, beidh feidhm ag na socruithe sa mhír roimhe seo don tréimhse nach gcumhdaítear.
- 10.4 Cuirfidh an CIE árachas timpiste ar fáil d'oiliúnaithe.

Airteagal 11 Misin

- 11.1 I gcásanna eisceachtúla, agus faoi réir iarratais a bhfuil bonn cirt cuí leo óna maoirseoir intéirneachta atá ceadaithe ag an duine atá freagrach as an roinn inar sannadh iad, féadfaidh oiliúnaithe páirt a ghlacadh i misin oifigiúla CIE. I gcásanna den chineál sin, ní mór ball d'fhoireann an CIE a bheith in éineacht leo.
- 11.2 Cuirfidh na rialacha ginearálta is infheidhme maidir le foireann uile an CIE mutatis mutandis i bhfeidhm ar mhisin a dhéanann oiliúnaithe.

Airteagal 12 Costais taistil a thabhaítear ag tús agus ag deireadh intéirneachta

- 12.1 Laistigh de theorainneacha geografacha chríocha aitheanta baile (nó a gcoibhéis) Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, beidh oiliúnaithe i dteideal aisíocaíocht a fháil ar na costais taistil a thabhaíonn siad ag tús agus ag deireadh na hintéirneachta.
- 12.2 Beidh costais as turas fillte amháin teoranta don turas chuig agus ó áit na hintéirneachta agus an áit a raibh sainchónaí ar an oiliúnaí de ghnáth sular cuireadh tús leis an intéirneacht. Ní bheidh oiliúnaithe a bhfuil sainchónaí orthu níos lú ná 50 km ó áit na hintéirneachta i dteideal an liúntais seo.
- 12.3 Beidh aisíocaíochtaí bunaithe ar na costais a tabhaíodh i ndáiríre agus ar na doiciméid tacaíochta a bheith curtha ar fáil maidir leis na nithe a leanas:
 - turas iarnróid den dara grád, lena n-áirítear leaba shuíocháin nó carráiste codlata más gá, le haghaidh achar idir 51 km agus 500 km, nó
 - eitilt den ghrád barainne, má tá sé seo níos saoire ná taisteal ar iarnród, nó má tá an bealach ar iarnród níos mó ná 500 km nó má tá turas trasna farraige i gceist, seachas sa chás go n-úsáidtear Eurotunnel.
- 12.4 Má dhéanann an t-oiliúnaí an turas trí mhodh eile iompair seachas na modhanna thuasluaite, déanfar aisíocaíocht ar ráta seasta. Ríomhfar an ráta seasta mar a leanas:
 - EUR 0.12 in aghaidh an km do na chéad 1 000 ciliméadar;
 - EUR 0.08 in aghaidh an km ó 1 001 ciliméadar amach;
 - EUR 0.00 euro in aghaidh an km don chuid den turas atá níos mó ná 5 000 ciliméadar.
- 12.5 Má tá an gnáth-áit chónaithe suite lasmuigh den AE, ní íocfar costais taistil ach amháin ó phríomhchathair Bhallstát AE is gaire don áit atá i gceist.
- 12.6 Ionas go n-aisíocfar costais taistil, ní mór an turas a dhéanamh tráth nach luaithe ná an mhí sula gcuirtear tús leis an intéirneacht, agus ní mór an turas ar ais a chríochnú tráth nach déanaí ná an mhí tar éis deireadh a chur leis an intéirneacht. Murab amhlaidh an cás, féadfaidh an CIE diúltú na costais atá i gceist a aisíoc.

Airteagal 13 Saoire

- 13.1 Le linn na hintéirneachta, beidh na hoiliúnaithe i dteideal na laethanta saoire oifigiúla agus poiblí céanna agus atá ag foireann bhunaithe an CIE.
- 13.2 Beidh na hoiliúnaithe i dteideal saoire dhá lá do gach mí dá n-intéirneacht. Ní mór dóibh iarratais ar shaoire a chur faoi bhráid an mhaoirseora intéirneachta lena gceadú, agus faoi bhráid an duine atá freagrach as an roinn inar sannadh iad.
- 13.3 Beidh an roinn inar sannadh oiliúnaí freagrach as taifead a choinneáil ar a n-iarratais saoire agus na hiarratais sin a bhainistiú.
- 13.4 Laethanta a úsáidtear chun comórtais nó scrúduithe a dhéanamh, nó chun staidéar ollscoile a dhéanamh, etc., bainfear iad as an teidlíocht seo.
- 13.5 Ní bheidh aon chúiteamh airgeadais maidir le saoire nár úsáideadh. Má bhíonn oiliúnaí as láthair ar feadh tréimhse níos faide ná a dteidlíocht saoire shonraithe, bainfear cúiteamh airgeadais óna dheontas míosúil atá comhionann leis an líon breise laethanta.
- 13.6 Má bhíonn oiliúnaí as láthair gan údar, nó má sháraíonn siad líon iomlán na laethanta neamhláithreachta gan údar mar gheall ar bhreiteacht, bainfear fad na neamhláithreachta ón leithdháileadh saoire. Má bhain an t-oiliúnaí úsáid as an leithdháileadh saoire go léir, bainfear cúiteamh airgeadais coibhéseach óna ndeontas míosúil.

Airteagal 14 Saoire bhreiteachta

- 14.1 Má bhíonn oiliúnaí breite, ní mór dóibh an maoirseoir intéirneachta, comhordaitheoir intéirneachta na roinne inar sannadh iad, agus an tSeirbhís Leighis a chur ar an eolas láithreach.
- 14.2 Amhail an ceathrú lá as a chéile de neamhláithreachta gan údar mar gheall ar bhreiteacht, ní mór d'oiliúnaithe teastas dochtúra a chur faoi bhráid Sheirbhís Leighis an CIE.
- 14.3 I gcás ar bith, ní fhéadfaidh saoire bhreiteachta iomlán gan teastas dochtúra a bheith níos faide ná sé lá le linn na hintéirneachta.
- 14.4 Mar atá leagtha síos in Airteagal 10 de na rialacha seo, ní bheidh oiliúnaithe atá faoi árachas páirteach ag an CIE i gcoinne breiteachta i dteideal aisíocaíocht a fháil ar chostais mhíochaine a íocann an institiúid.

Airteagal 15 Cosaint sonraí pearsanta

- 15.1 Aon sonraí pearsanta a bhaileofar i ndáil le hoiliúnaithe a roghnú agus a fhostú, déanfar iad a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí AE agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin.

Airteagal 16 Muirearú buiséid

- 16.1 Cuirfear an caiteachas a eascróidh as cur i bhfeidhm na rialacha seo in áirithe le mír 1404-03 de bhuiséad an CIE, seachas costais a eascróidh i ndáil le misin, méideanna a chuirfear in áirithe le hAirteagal 162 den bhuiséad céanna.

Airteagal 17 Achomhairc

- 17.1 Ní féidir aon achomharc foirmiúil inmheánach a dhéanamh i gcoinne cinntí a bhaineann le hintéirneachtaí.
- 17.2 Mar sin féin, féadfaidh an roinn AD tairiscint a dhéanamh chun idirghabháil a dhéanamh d'fhonn fadhbanna ar leith a réiteach nach dtabharfadh deireadh le hintéirneacht, nó a thug oiliúnaithe nó a gcomhordaitheoir cúrsa oiliúna dá n-aird.
- 17.3 Féadfar agóid a dhéanamh os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh de réir Airteagal 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcoinne cinntí arna nglacadh agus na rialacha seo á gcur i bhfeidhm.

Airteagal 18 Oiliúnaithe ó fhorais ardoideachais mór le rá

- 18.1 Féadfaidh mic léinn ó fhorais ardoideachais mór le rá a bhfuil ceithre sheimeastar de staidéar ar a laghad críochnaithe acu iarratas a dhéanamh ar intéirneacht ag an CIE, de réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Chinneadh seo.
- 18.2 Chun críocha an Chinnidh seo, is iad forais ardoideachais mór le rá iad siúd atá rangaithe sna céad cinn is fearr ar domhan ag an QS World University Rankings.
- 18.3 Má roghnaítear mac léinn ó fhorais ardoideachais mór le rá le haghaidh intéirneachta, cuirfidh an CIE, más iomchuí, an díolúine maidir le saoránacht Bhallstáit AE i bhfeidhm go huathoibríoch.

Airteagal 19 Forálacha deiridh

- 19.1 Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar xx xxxx 2020.
- 19.2 Rachaidh sé in ionad na rialacha maidir le hoiliúnaithe a fhostú i gCúirt Iniúcháirí na hEorpa arna nglacadh an 22 Meitheamh 2015, agus Leasú 1 orthu an 5 Deireadh Fómhair 2017.
- 19.3 Cuirfidh Rúnaíocht na Cúirte é in iúl d'iniúcháir inmheánach agus d'oifigeach cuntasaíochta an CIE, agus foilseofar é ar láithreán gréasáin na hinstiúide.

Arna dhéanamh ag Lucsamburg, an 21.07.2020

(s) Philippe Froidure
Ard-Rúnaí Gníomhach